AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2021
COM(2021) 187 final

2018/0191 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

2018/0191 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 367 final – 2018/0191 COD) | 30 Bealtaine 2018 |
| An dáta a ghlac Coiste na Réigiún a Thuairim maidir leis an togra | 6 Feabhra 2019 |
| An dáta a ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a Thuairim maidir leis an togra | 19 Deireadh Fómhair 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 28 Márta 2019 |
| Dáta chomhaontú na Comhairle maidir le cur chuige ginearálta | 26 Samhain 2018 |
| Dátaí na gcruinnithe tríthaobhacha | 7 Deireadh Fómhair 2019<br>19 Samhain 2019<br>9 Nollaig 2019<br>7 Nollaig 2020<br>11 Nollaig 2020 |
| An dáta a dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú comhréitigh | 18 Nollaig 2020 |
| An dáta a vótáil Coiste um Chultúr agus um Oideachas Pharlaimint na hEorpa leis an gcomhaontú comhréitigh a fhormhuiniú | 11 Eanáir 2021 |
| An dáta a ghlac Coiste na mBuanionadaithe an seasamh ón gComhairle (Mír I/A) | 31 Márta 2021 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle, an chéad léamh | 13 Aibreán 2021 |

## 2. Cuspóir an togra ón gCoimisiún

Tá an clár Erasmus+ ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 a bhfuil sé d'aidhm acu infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, sa chomhtháthú sóisialta agus i luachanna. Mhol an Coimisiún buiséad foriomlán EUR 30 billiún.

Is é cuspóir ginearálta an chláir Erasmus+ tacú, tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, le forbairt oideachasúil, ghairmiúil agus phearsanta daoine i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, san Eoraip agus lasmuigh di, agus dá réir sin rannchuidiú leis an bhfás inbhuanaithe, le poist ardcháilíochta agus leis an gcomhtháthú sóisialta, leis an nuálaíocht a spreagadh, mar aon le féiniúlacht Eorpach agus rannpháirtíocht ghníomhach a neartú. Tá struchtúr an chláir bunaithe ar na trí Phríomhbheart seo a leanas: (1) soghluaisteacht foghlama, (2) comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí, agus (3) tacaíocht d'fhorbairt beartais agus do chomhar. Le nádúr comhtháite an chláir, lena gcumhdaítear an fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, cuirtear deiseanna foghlama ar fáil ag gach céim den saol.

I gcomhréir le torthaí na meastóireachta meántéarma ar an gclár a bhí ann roimhe agus i gcomhréir le tuairimí na bpáirtithe leasmhara, leis an gclár nua Erasmus+ coinnítear cobhsaíocht agus, an tráth céanna, moltar feabhsuithe chomh maith le bearta agus gníomhaíochtaí nua, rud a léiríonn uaillmhian níos leithne a bheith ag clár oibre beartais nua an Aontais. Leis an gclár cuimsitheach sínte atá neartaithe go suntasach, cuirtear le soghluaisteacht agus le malartuithe.

## 3. Barúlacha maidir leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa

Sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh, a glacadh an 28 Márta 2019, moladh leasuithe ar an togra ón gCoimisiún, agus moladh go sonrach:

- Ainm: an t-ainm Erasmus**+** a choimeád (in ionad Erasmus mar a mhol an Coimisiún);
- Buiséad: an buiséad a mhéadú faoi thrí; athbhreithniú ar an miondealú earnála (gairmoideachas agus gairmoiliúint a mhéadú ó 21 % go 23 %; oideachas scoile a mhéadú ó 15.2 % go 15.6 %; oideachas aosach a mhéadú ó 4.8 % go 6 %; an spórt a mhéadú ó 1.8 % go 2 %); leithreasuithe bliantúla le húdarú ag Parlaimint na hEorpa; próifíl líneach chaiteachais le linn thréimhse 7 mbliana an chláir;
- Cuspóirí: cuspóirí sonracha nua maidir le comhar idirnáisiúnta, le foghlaim ar feadh an tsaoil, agus le breisluach Eorpach;
- Rialachas: gníomhartha tarmligthe maidir le cláir oibre bhliantúla a ghlacadh; le linn na caibidlíochta, shonraigh Parlaimint na hEorpa a hiarraidh ar réiteach rialachais lena n-áiritheofaí rannpháirtíocht na Parlaiminte i roghanna polaitiúla maidir le cur chun feidhme an chláir;
- Neartú ar ghné an chuimsithe sa chlár: caibidil ar leith agus airteagail maidir leis an gcuimsiú lena gceanglaítear ar an gCoimisiún creat beart maidir leis an gcuimsiú a chur ar bun agus lena gceanglaítear ar na Gníomhaireachtaí Náisiúnta straitéisí náisiúnta um chuimsiú a chur ar bun; cuspóir sonrach agus táscairí sonracha;
- Breisluach Eorpach: liosta neamh-uileghabhálach critéar chun an breisluach Eorpach atá ag gníomhaíochtaí an chláir a léiriú;

- DiscoverEU: an raon feidhme a leathnú ó dhaoine atá 18 mbliana d’aois go daoine atá idir 18 agus 20 bliain d’aois;
- Ba cheart d’Ollscoileanna Eorpacha agus d’Ionaid Barr Feabhais Gairme páirt a thabhairt d’eintiteas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát;
- Foghlaimeoirí fásta: soghluaisteacht aonair a chur isteach faoi Phríomhbheart 1 (soghluaisteacht foghlama);
- Príomhbheart 1 maidir leis an Spórt (soghluaisteacht foghlama): soghluaisteacht foghlama aonair a leathnú chun daoine óga a imríonn spórt i suíomh eagraithe agus soghluaisteacht idirnáisiúnta le haghaidh baill foirne spóirt a chumhdach;
- Sineirgí: leas a bhaint as an ‘Séala Barr Feabhais’ ionas gur féidir cistiú malartach a fháil faoi Chistí an Bheartais Comhtháthaithe;
- Comhar idirnáisiúnta: na tagairtí don chineál tríú tíortha a ghlacann páirt sa chlár a scriosadh; tagairtí d’fhothú acmhainneachta i réimse an ardoideachais i dtríú tíortha a chur isteach faoi Phríomhbheart 2 (comhar); béim ar leith ar thíortha atá i mbéal forbartha;
- Táscairí: cuirtear liosta níos mionsonraithe táscairí in ionad na hiarscríbhinne.

Ghlac Parlaimint na hEorpa ráiteas polaitiúil freisin a ghabhann lena seasamh ar an gcéad léamh, lena bhforchoimeádtar ceart Pharlaimint na hEorpa athscrúdú a dhéanamh ar a seasamh chun a áirithiú go ndéantar príomhghníomhaíochtaí an chláir agus gné an chuimsithe de a bhaint amach go héifeachtach i gcás nach ndéantar an buiséad a mhéadú faoi thrí. Cuireadh i dtábhacht sa ráiteas freisin go mbraithfidh an tacaíocht a thabharfaidh Parlaimint na hEorpa d’Ollscoileanna Eorpacha, d’Ionaid Barr Feabhais Gairme agus do DiscoverEU ar an meastóireacht a dhéanfar ar a gcéimeanna píolótacha agus ar an sainiú breise a dhéanfar ar gach tionscnamh.

Mar chuid den chomhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha, ghlac an Coimisiún leis an méid seo a leanas:

- Erasmus+ in ionad Erasmus mar ainm an chláir;
- Imchlúdach airgeadais an chláir arna shocrú ag €24.574 billiún i bpraghsanna reatha agus breisiú €1.7 billiún i bpraghsanna 2018, ar toradh iad ar an gcoigeartú Clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle (i.e. rialachán CAI); leithdháiltí buiséid earnála a oiriúnaíodh beagán;
- Iarscríbhinn nua ina dtugtar tuairisc ghinearálta ar ghníomhaíochtaí an chláir a d’fhéadfaí a leasú le gníomh tarmligthe;
- Neartú ar ghné an chuimsithe;
- Airteagal nua a chur isteach maidir leis an mbreisluach Eorpach;
- Soghluaisteacht foghlaimeoirí fásta faoi Phríomhbheart 1 (soghluaisteacht foghlama);
- Raon feidhme na soghluaisteachta spóirt a leathnú chun gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a chumhdach;
- Tagairt sainráite don Séala barr feabhais;
- Soiléiriú ar an airteagal ina ndéantar tagairt do rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár;

– Liosta leathnaithe agus athstruchtúraithe táscairí.

Chomhaontaigh an Coimisiún freisin an ráiteas seo a leanas a eisiúint maidir le buiséad táscach le haghaidh ardáin na nIonad barr feabhais gairme:

'Gan dochar do chumhachtaí an údaráis reachtaigh agus bhuiséadaigh, geallann an Coimisiún go ndéanfar méid táscach EUR 400 milliún i bpraghsanna reatha a leithdháileadh chun tacú le hardáin na nIonad barr feabhais gairme le linn thréimhse iomlán an chláir, ar choinníoll go ndeimhneofar leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár measúnú dearfach ar thorthaí na gníomhaíochta.'

Tar éis don Chomhairle a seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh, táthar ag súil go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha a fhormhuiniú go foirmiúil.

## 4. BARÚLACHA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Tá an seasamh ón gComhairle ina léiriú ar an gcomhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, áirítear an méid seo a leanas ar na hathruithe is mó tábhacht a tugadh isteach:

 – Erasmus+ in ionad Erasmus mar ainm an chláir;
 – Imchlúdach airgeadais an chláir arna shocrú ag €24.574 billiún i bpraghsanna reatha agus breisiú €1.7 billiún i bpraghsanna 2018, ar toradh iad ar an gcoigeartú Clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle (i.e. rialachán CAI);

– Dáileadh an bhuiséid, a mhodhnaítear mar a leanas:

- Imchlúdach foriomlán:
    - An sciar Oideachais agus Oiliúna a laghdú ó 83.1 % go 83 %
    - An spórt a mhéadú ó 1.8 % go 1.9 %
    - Táillí bainistíochta na nGníomhaireachtaí Náisiúnta a mhéadú ó 3.2 % go 3.3 %;
- Scaireanna laistigh den bhuiséad Oideachais agus Oiliúna:
    - Soghluaisteacht foghlaimeoirí fásta a mhéadú ó 4.8 % go 5.8 %;
    - An gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a mhéadú ó 21 % go 21.5 %;
    - 1.8 % 'ar a laghad' leithdháilte ar ghníomh Jean Monnet;
    - Sciar 17 % 'ar a laghad' le haghaidh gníomhaíochtaí cothrománacha agus le haghaidh gníomhaíochtaí atá faoi bhainistíocht lárnach, lena n-áirítear an méid táscach EUR 400 milliún le haghaidh na nIonad barr feabhais gairme a leagtar amach sa ráiteas ón gCoimisiún;
    - An lamháil solúbthachta a laghdú ó 5.5 % go 4.1 %.

– Soghluaisteacht foghlaimeoirí fásta faoi Phríomhbheart 1 (soghluaisteacht foghlama);

– Neartú ar ghné an chuimsithe (caibidil ar leith ina bhfuil dhá airteagal nua);

– Iarscríbhinn nua ina dtugtar tuairisc ghinearálta ar ghníomhaíochtaí an chláir, lena gcaomhnaítear an tsolúbthacht is gá chun an clár a chur chun feidhme, arb Iarscríbhinn í a d'fhéadfaí a leasú le gníomh tarmligthe;
– Liosta athbhreithnithe agus athstruchtúraithe táscairí;
– Tréimhse sheasta cláir atá ailínithe le tréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil;
– Forálacha cúlghabhálachta a chur leis;
– Forálacha athbhreithnithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht tríú tíortha atá comhlachaithe agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár.

Go ginearálta, sa chomhaontú ar thángthas air, coimeádtar cuspóirí an togra tosaigh ón gCoimisiún, lena gcoinnítear an leibhéal uaillmhéine agus lena gceadaítear an tsolúbthacht is gá chun an clár a chur chun feidhme.

## 5. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.

## 6. DEARBHÚ ÓN GCOIMISIÚN

Tá dearbhú amháin déanta ag an gCoimisiún ar féidir teacht air san iarscríbhinn.

**IARSCRÍBHINN**

## Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na leithdháiltí sonracha le haghaidh ardáin na nIonad barr feabhais gairme

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis reachtaigh agus bhuiséadaigh, geallann an Coimisiún go ndéanfar méid táscach EUR 400 milliún i bpraghsanna reatha a leithdháileadh chun tacú le hardáin na nIonad barr feabhais gairme le linn thréimhse iomlán an chláir, ar choinníoll go ndeimhneofar leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár measúnú dearfach ar thorthaí na gníomhaíochta.